Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14496/23

LIMITE

UK 211
TRANS 437

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0316(NLE)**

PUBLIC

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST14007/23 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM (2023) 522 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le hoiriúnú na sonraíochtaí teicniúla maidir le tacagraf cliste 2<br>– Glacadh |

1. An 13 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Speisialaithe um Iompar de Bhóthar, arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i ndáil le hoiriúnú na sonraíochtaí teicniúla maidir le tacagraf cliste 2, atá in 13533/23+ADD 1.

2. Chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Meithle um an Ríocht Aontaithe an 3 Deireadh Fómhair 2023. An 20 Deireadh Fómhair 2023, tar éis dul i gcomhairle leis an Meitheal um Iompar de Thalamh an 9 Deireadh Fómhair 2023, tháinig an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir leis an téacs ina raibh na modhnuithe a mhol Seirbhís Dlí na Comhairle. Tá an téacs a comhaontaíodh in 14007/23 + ADD 1.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an chinnidh thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, agus mar a leagtar amach in 14230/23 + ADD 1 é;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh, mar a leagtar amach in 14230/23 + ADD 1 é.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an gcinneadh sin i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

PUBLIC